# EolasRiachtanach Maidir Le Re-turn

Cuirfear tús le Scéim Aisíoca Éarlaise Re-turn na hÉireann an 1 Feabhra 2024. I ndiaidh don Reachtaíocht um Bailiú ar Leithligh a bheith tugtha isteach chun spriocanna athchúrsála an AE a bhaint amach, tá oibleagáid ar Mhiondíoltóirí a dhíolanna deochanna 'faoin réim feidhme' de réir dlí clárú le Re-turn. Tá foireann Re-turn anseo chun tacaíocht agus eolas a chur ar fáil aidir le gach gné den scéim agus mar a fheidhmeoidh sí.

**Coimeádáin Deochanna Faoin Raon Feidhme:** Buidéil phlaisteacha TPE, cannaí alúmanaim agus cruach
**Táille Éarlaise:** 150ml - 500ml = 15c Os cionn 500ml - 3 lítear = 25c

## Róla an Mhiondíoltóra

Imríonn miondíoltóirí ról tábhachtach sa Scéim nua Aisíoca Éarlaise agus ní mór dóibh teacht le Rialacha Ballraíochta Miondíoltóra.

Féadfaidh miondíoltóirí iarratas a dhéanamh ar Dhíolúine ón nGlacadh Ar Ais bunaithe ar chritéir incháilitheachta áirithe, ach tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór do Mhiondíoltóirí clárú leis an scéim ar dtús.

Tá dhá rogha ag miondíoltóirí maidir le seirbhís glactha ar ais, trí:

- Bailiú Láimhe
- Meaisíní Díola Droim Ar Ais (RVM) Liosta na Soláthraithe Faofa.

Ag gach díolphointe, ní mór do Mhiondíoltóirí an Éarlais a thaispeáint ar leithligh ó phraghas an táirge agus mar earra líne ar leithligh ar admhálacha.

## Conas mar a oibríonn Aisíoc Éarlaise?



## Tréimhse Aistrithe

Tá Tréimhse Aistrithe deimhnithe ag Re-turn chun díol stoc neamh-éarlaise agus cosc ar dhramhaíol a éascú do tháirgeoirí agus do mhiondíoltóirí araon.

- Is féidir le miondíoltóirí glacadh le seachadadh stoc le lógó Re-turn ón 1 Eanáir 2024
- Is féidir le miondíoltóirí an stoc le lógó Re-turn a dhíol ón 1 Feabhra 2024
- Ní féidir le miondíoltóirí stoc neah-éarlaise a cheannach ón 16 Márta 2024
- Ón 1 Meitheamh 2024, ní mór don stoc ar fad ar sheilfeanna an mhiondíoltóra lógó Re-turn a bheith orthu

## Tacaíochtaí Breise

I gcás Miondíoltóirí a roghnaíonncoimeádáin deochanna faoin raon feidhme a thabhairt ar ais trí RVManna, is ionann an neas-phraghas tosaigh agus €12,000. Chun níos mó a fhoghlaim faoi RVManna, féach Liosta na SOláthraithe RVM ar ár suíomh gréasáin. Féadfaidh miondíoltóirí a cheannaíonn RVM agus a thógann níos lú ná 250,000 coimeádán deochanna ar ais in aghaidh na bliana iarratas a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais ó Re-turn.

**Bliain 1 - €3,000**
Incháilithe más faoi bhun 250,000
Aisíoc i mBliain 1

→

**Bliain 2 - €2,000**
Incháilithe más faoi bhun 250,000
Aisíoc i mBliain 2

→

**Bliain 3 - €1,000**
Incháilithe más faoi bhun 250,000
Aisíoc i mBliain 3
(íocaíocht deiridh)

## Áiritheoir Samplach na Táille Láimhseála

| Modh Bailithe | Táille Láimhseála in aghaidh an Aonaid | Earraí Tógtha Ar Ais in aghaidh na míosa | Táille Láimhseála Bliantúil |
|---|---|---|---|
| **Láimhe** | €0.026 | 4,000 | €1,248 |
| **Meaisíní Díola Droim Ar Ais** | €0.022 | 24,000 | €6,336 |

Faoi Réir na Díolúine ón nGlacadh Ar Ais, íoctar Táille Láimhseála le gach miondíoltóir as gach Táirge Faoin Raon Feidhme arna mbailiú ag an Miondíoltóir agus arna nglacadh ag Scéim Aislíoca Éarlaise na hÉireann (i dteannta na n-Éarlaisí fuascailte) ar bhonn míosúil. Faoin 5ú lá de gach mí, cuirtear aonaid a láimhseáladh agus Éarlaisí dlite ar fáil don Mhiondíoltóir lena ndearbhú (Tuarascáil Mhíosúil). Beidh 3 lá gnó ag miondíoltóirí an Tuarascáil Mhíosúil a cheistiú. Faoin 10ú lá de gach mí, gintear sonrasc thar ceann an Mhiondíoltóra bunaithe ar an Tuarascáil Mhíosúil deiridh. Déanfaidh Scéim Aisíoca Éarlaise na hÉireann íocaíocht le gach Miondíoltóir laistigh de 30 lá.

## Na Céad Céimeanna Eile

Tá oibleagáid ar Mhiondíoltóirí uile a dhíolann deochanna 'faoin raon feidhme' de réir dlí clárú le Re-turn. Chun clárú agus tuilleadh eolas a fháil, téigh chuig www.re-turn.ie/retailer
Má bhíonn ceisteanna agat, seol ríomhphost chugainn ag info@re-turn.ie